

# Ráiteas Straitéise 2016-2019



An Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta  
Department of Jobs, Enterprise and Innovation

## Clár Ábhar

Brollach	2
Fís, Misean, Luachanna	3
Ár Spriocanna	4
Réamhrá agus Comhthéacs	5
<b>Sprioc 1:</b> Fiontair agus poist ar ardchaighdeán a chruthú choinneáil ar bun	11
<b>Sprioc 2:</b> Cur chuige uile-Rialtais a ghlacadh i leith fás fiontair agus fostaíochta a chur chun cinn	13
<b>Sprioc 3:</b> Obair uaillmhianach a dhéanamh lenár gcomhpháirtithe san Aontas Eorpach agus lenár gComhpháirtithe Idirnáisiúnta	15
<b>Sprioc 4:</b> Éire a chur chun cinn mar Cheannaire Domhanda Nuálaíochta	17
<b>Sprioc 5:</b> Tacú le Poist ar Ardchaighdeán, le Réiteach Díospóide agus le Sábháilteacht sa timpeallacht oibre	19
<b>Sprioc 6:</b> Creat Ardfheidhmíochta Dílíthiúil agus Rialála a Chinntiú do Ghnólachtaí agus do Thomhaltóirí	20
<b>Sprioc 7:</b> Infheistiú inár bhFoireann agus an Leas is Fearr a Bhaint as ár nAcmhainní	21
Aguisín 1: Ceangaltais na Roinne Post, Fiontar agus Nuálaíochta faoin gClár do Rialtas Comhpháirtíochta	22
Aguisín 2: Obair i gcomhar le Ranna eile	24
Aguisín 3: Spriocanna atá leagtha amach sna doiciméid Fiontraíocht 2025 agus Nuálaíocht 2020	26
Aguisín 4: Ár gCuid Gníomhaireachtaí agus Oifigí	31

## Brollach

Fáiltím roimh fhoilsiú an Ráitis Straitéise seo. Tá dul chun cinn suntasach déanta againn maidir le freagairt do na mórdhúshláin a bhí romhainn mar thír le blianta beaga anuas. I gcomhar lena cuid Oifigí agus Gníomhaireachtaí, tá ról ríthábhachtach imeartha ag an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta i gcuid mhór réimsí atá mar ghné lárnach dár dtéarnamh geilleagrach, lena n-áirítear maidir le tacú le fiontair agus le poist atá inbhuanaithe agus ar ardchaighdeán a chruthú. Is gá dúinn díriú anois ar an rath atá bainte amach go dtí seo a chosaint agus a fhorbairt agus an rath sin a leathnú chuig gach réigiún sa tír. Ag an am céanna, beidh orainn dul i ngleic le dúshláin agus éiginnteachtaí atá ann cheana agus leo sin atá ag teacht chun cinn, go háirithe i gcomhthéacs an Bhreathimeachta agus forbairtí domhanda eile. Tá clár uailmhianach oibre i bhfeidhm againn, ar clár é lena gcinnteofar go mbainfear ár dtosaíochtaí amach sna blianta atá le teacht. Ina theannta sin, agus a bhí le hinniúlacht agus le tiomantas fhoireann na Roinne, tá muinín agam go mbeimid in ann na dúshláin a thiofaidh chun cinn sa tréimhse atá romhainn a sháru le chéile.

**Mary Mitchell O'Connor, TD**  
**An tAire Post, Fiontar agus Nuálaíochta**

Leis an Ráiteas Straitéise seo don tréimhse 2016 – 2019, cuirtear leis an obair atá déanta cheana féin ar fud shainchúram leathan na Roinne. Tá spriocanna soiléire leagtha amach againn ann chun na ceangaltais a cuireadh orainn sa Chlár do Rialtas Comhpháirtíochta 2016 a sholáthar. Tá na socruithe sin leagtha síos i gcomhthéacs na ndúshlán agus na ndeiseanna nua atá ann agus i gcomhthéacs na gceann sin atá ag teacht chun cinn, go háirithe an Breatimeacht agus forbairtí domhanda leanúnacha. Tá spriocanna agus torthaí ardleibhéil leagtha amach againn freisin, ar nithe iad a ndéanfaimid meastóireacht orthu agus a dtomhaisfimid ár bhfeidhmíocht ina n-aghaidh.

Tá foireann an-tiomanta an-chumasach againn. Oibreoimid i gcomhar lenár gcomhghleacaithe ar fud an Rialtais, leis an lucht gnó agus le geallsealbhóirí eile ar leibhéal an Aontais Eorpaigh agus ar leibhéal idirnáisiúnta chun an clár oibre comhchoiteann atá againn a stiúradh agus a sholáthar.

Treoróidh an fhís, an misean agus na spriocanna atá leagtha amach sa Straitéis seo an próiseas bliantúil pleanála gnó ar fud gach ceann dár rannóga agus dár n-aonaid ghnó. Déanfar faireachán agus athbhreithniú rialta ar an dul chun cinn a bhíonn á dhéanamh againn ina leith sin.

**An Dr Orlaigh Quinn**  
**Ard-Rúnaí**

## Ár bhFís

Déanfaimid an áit is fearr le bheith rathúil i gcúrsaí gnó a dhéanamh d'Éirinn, agus lánfhostaíocht inbhuanaithe agus caighdeán níos airde mhaireachtála á soláthar againn i ngach réigiún den tír ag an am céanna.

## Ár Misean


Rachaimid i gceannas ar an obair atá ar siúl chun lánfhostaíocht atá inbhuanaithe agus ar ardchaighdeán a chruthú agus a choinneáil ar bun ar fud gach réigiúin den tír trí chúrsaí fiontair a chur chun cinn ar fud an rialtais, trí thacú le bonn iomaíoch fiontair ar mhaithe le hobair, fiontraíocht, trádáil agus infheistíocht a dhreasú agus trí mhargaí cothroma iomaíocha a chothú.

## Ár Luachanna

Mar Roinn, cothaímid cultúr freagrachta, éifeachtúlachta agus luach ar airgead atá bunaithe ar éiteas seirbhíse poiblí a chuimsíonn neamhspleáchas, ionracas, neamhchlaontacht, oscailteacht agus meas.

Mar Státseirbhísigh, cloímid leis na caighdeáin is airde ó thaobh gairmiúlachta, macántachta, oibiachtúlachta agus cáilíochta de, ar gnéithe riachtanacha iad dár ról i dtacú leis an bpróiseas daonlathach agus i bhfreastal ar an bpobal a chomhlíonadh.

## Ár Spriocanna



## Réamhrá agus Comhthéacs

### Maidir Linne

Imríonn an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta ról ríthábhachtach maidir le cur chun feidhme a dhéanamh ar bheartais an Rialtais chun acmhainn tháirgiúil an gheilleagair a mhéadú agus chun timpeallacht a fhorbairt ina dtacaítear le poist a chruthú agus a choinneáil ar bun. Tá sainchúram ar an Roinn freisin iomaíocht chóir a chur chun cinn san áit mhargaidh agus tomhaltóirí agus oibrithe a chosaint. Trína cuid Gníomhaireachtaí agus Oifigí, tagann raon leathan gníomhaíochta faoi shainchúram na Roinne, lena n-áirítear iad seo a leanas:

- Tionscnamh agus fás fiontar dúchasach a éascú,
- Infheistíocht Dhíreach Eachtrach a mhealladh,
- Onnmhairí a mhéadú,
- Iomaíochas a fheabhsú,
- Nuálaíocht agus fás a chur chun cinn trí infheistíocht a dhéanamh i dtaighde agus forbairt,
- Iomaíocht chóir a chur chun cinn do ghnólachtaí agus do thomhaltóirí,
- Dlí cuideachtaí atá nua-aimseartha agus oiriúnach don fheidhm a chinntiú,
- Cearta oibrithe a chosaint, lena n-áirítear an teidlíocht atá acu i leith sábháilteacht agus sláinte cheirde,
- Timpeallacht dhearfach caidrimh thionsclaíoch a chothú agus a éascú,
- Beartas fianaisebhunaithe a cheapadh, rud a bhfuil taighde, anailís agus meastóireachtaí láidre mar bhonn eolais faoi,
- Na riachtanais scileanna a bheidh ag an lucht fiontair amach anseo a shainaithint, agus
- Ionadaíocht a dhéanamh do leasanna na hÉireann i bhfóraim ábhartha AE, lena n-áirítear an Chomhairle Iomaíochais (an Margadh Inmheánach, an Tionsclaíocht agus an Taighde), an Chomhairle Fostaíochta, Beartais Shóisialta, Sláinte agus Gnóthaí Tomhaltóirí (EPSCO), an Chomhairle Gnóthaí Ginearálta (maidir leis an mbeartas Trádála a cheapadh) agus fóraim ábhartha de chuid na hEagraíochta Domhanda Trádála (WTO), na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair (ILO), na hEagraíochta um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta (OECD) agus na hEagraíochta Domhanda um Maoin Intleachtúil (WIPO).

### Tá Dul Chun Cinn déanta ar Théarnamh a bhaint amach, ach tá Dúshlán ann go fóill.....

I gcomhar lena cuid Gníomhaireachtaí agus Oifigí agus le comhlachtaí eile ar fud an Rialtais, tá ról suntasach imeartha ag an Roinn maidir le dul i ngleic leis na mórdhúshlán a bhí romhainn mar thír le blianta beaga anuas. Tháinig feabhas mór ar gheilleagar na hÉireann mar gheall ar an iarracht chomhoibríoch sin, agus méadaíodh an líon daoine atá i mbun oibre agus neartaíodh geilleagar agus feidhmíocht fiontair na hÉireann dá bharr. Bhainamar dul chun cinn suntasach amach thar an tréimhse sin, a bhfuil na nithe seo a leanas mar fhianaise air;

- I gcomparáid leis an scéal a bhí ann tráth sheoladh an chéad Phlean Gníomhaíochta do Phoist i ráithe 1 den bhliain 2012, bhí beagnach 190,000 duine breise, agus 2,027,100 duine san iomlán, i mbun oibre sa Stát i ráithe 3 den bhliain 2016.

- Tháinig méadú 2.9% ar fhostaíocht iomlán sa bhliain go ráithe 3 den bhliain 2016. Thar an tréimhse chéanna, tháinig méadú 2.9% agus 2.8% ar fhostaíocht lánaimseartha agus ar fhostaíocht pháirtaimseartha faoi seach.
- Bhí an ráta dífhostaíochta cothrom le 7.2% i mí na Nollaig 2016, ar laghdú é ar an mbuaicfhiigiúr 15.1% go luath sa bhliain 2012.
- Bhíodh fás fostaíochta agus táirgiúlachta sa raon idir 2.5% agus 3.0% faoi seach gach bliain.
- B'fhiú €20.6bn iad onnmhairí dúchasacha sa bhliain 2015, rud arbh é an figiúr ab airde riamh é.
- Bronnadh Infheistíocht Dhíreach Eachtrach ar 244 thionscadal sa bhliain 2016, rud arbh é an figiúr ab airde riamh é.

In ainneoin na n-éachtaí sin, is gá dúinn tuilleadh dul chun cinn a dhéanamh, go háirithe i gcomhthéacs na bhforbairtí idirnáisiúnta a tháinig chun cinn le déanaí.

Cé go leanaimid le dul i ngleic le dúshláin nua agus le dúshláin atá ag teacht chun cinn, táimid ag díriú anois ar an dul chun cinn atá bainte amach go dtí seo a chosaint agus a fhorbairt agus an méid sin a leathnú chuig gach réigiún den tír inar gá luas an dul chun cinn a mhéadú trí thacaí spriocdhírthe a chur ar fáil le haghaidh fiontair agus le haghaidh poist a chruthú.

An timpeallacht gheilleagrach dhomhandaithe agus an domhan idirnasctha ina n-oibrímid, bíonn siad ag éirí níos casta i gcónaí. Tá ardéiginnteacht gheilleagrach dhomhanda ann go fóill agus éilíonn dúshláin dhomhanda go gcuirfí béim mhéadaithe ar a chinntiú go seasfar go bríomhar do leasanna na hÉireann agus go gcosnófar go láidir iad agus ar a chinntiú go léireofar na leasanna sin i gcintí idirnáisiúnta a thacóidh lenár gclár oibre um poist agus iomaíochas. Mar gheall ar na hathruithe idirnáisiúnta atá i réim, tá cuid mhór dúshlán agus deiseanna romhainn maidir le dul san iomaíocht le haghaidh infheistíocht taistil agus maidir le gnólachtaí dúchasacha a fhás agus a fhorbairt.

An toradh ar an reifreann sa Ríocht Aontaithe i mí an Mheithimh 2016 – áit ar chinn sí imeacht ón Aontas Eorpach – agus an éiginnteacht a ghabhann leis sin, is mórdúshlán láithreacha iad do ghnólachtaí Éireannacha, do gach gné de shainchúram na Roinne agus dár gcuid oibre leis an Aontas Eorpach agus leis an Eagraíocht Dhomhanda Trádála. Cé nach soiléir na himpleachtaí deiridh a bheidh ag imeacht na Ríochta Aontaithe ón Aontas Eorpach, is amhlaidh go mbeidh impleachtaí gearrthéarmacha agus fadtéarmacha araon ann ar fud raon réimsí beartais a théann i bhfeidhm go díreach ar an obair atá ar siúl chun poist a chruthú agus a choinneáil ar bun. Tá an Breatimeacht ina riosca ar leith d'earnálacha áirithe fiontair freisin. Is earnálacha dlúthshaothair ag a bhfuil corrlach íseal brabúis agus lorg mór réigiúnach iad formhór na n-earnálacha sin.

Gné lárnach dár gcuid oibre ina leith sin a bheidh i ndul i mbun comhair lenár gcomhghleacaithe i Ranna eile Rialtais agus inár gcuid Gníomhaireachtaí chun freagairt uile-Rialtais a áirithiú do na dúshláin agus do na deiseanna a ghabhann leis an mBreatimeacht agus le forbairtí idirnáisiúnta eile, mar aon le páirt dhearfach a bheith á glacadh ag oifigigh na Roinne i bhfóraim ábhartha AE agus idirnáisiúnta. Oibreoidimid i gcomhar le chéile chun an toradh is buntáistí is féidir a áirithiú d'Éirinn agus don Aontas Eorpach agus chun íoslachdú a dhéanamh ar an tionchar ar fhiontair, ar fhostaíocht agus ar fhás. Glacfaimid páirt ghníomhach sna struchtúir nua arna gcur i bhfeidhm ag an Rialtas, lena n-áirítear an Coiste Comh-aireachta nua um an mBreatimeacht, chun freagairt chuimsitheach uile-Rialtais a thabhairt do na dúshláin agus do na deiseanna atá roimh an Stát. Chuireamar Aonad um an mBreatimeacht ar bun laistigh den Roinn féin, agus é de chúram air comhordú a dhéanamh ar na himpleachtaí a bheidh ann ar fud shainchúram leathan na Roinne agus rannchuidiú a dhéanamh le hobair ár gcuid Gníomhaireachtaí agus na mórstruchtúr Rialtais. Tá acmhainní breise leithdháilte againn ar roinnt réimsí éagsúla cheana féin, lena n-áiríodh suim bhreise €3 mhilliún chun tacú le

Fiontraíocht Éireann agus le GFT Éireann tuilleadh acmhainní a dhíriú ar spriocmhargáí d'fhonn cabhrú le gnólachtaí Éireannacha a gcuid onnmhairí a mhéadú agus infheistíocht nua a mhealladh.

Eochairghné de shamhail gnó na hÉireann is ea ár gcóras cánachais ghnó lena dtacaítear le fiontraíocht agus le cruthú post. Leanfaimid de bheith ag obair i gcomhar le comhghleacaithe ar fud an Rialtais chun cabhrú le tionchar a imirt ar an díospóireacht maidir le cáin chorparáide, agus é mar aidhm againn a chinntiú go mbeidh Éire ag barr an liosta nuair a bhíonn cuideachtaí ar fud an domhain ag iarraidh infheistíochtaí a dhéanamh lena gcruthófar poist. Fágann sé sin go mbeidh orainn ár dtairiscint d'infheisteoirí a choinneáil ábhartha agus cothrom le dáta. Tá sé curtha in iúl go soiléir ag an Rialtas go mbeidh ár ráta cánach corparáide 12.5 faoin gcéad ina ghné lárnach go fóill dá bhfuil le tairiscint againn.

Tá dúshlán shuntasacha agus deiseanna suntasacha ann do chuid mhór gnólachtaí mar gheall ar éabhlóid mhargaidh dhigitigh, ar margadh é a bhfuil athrú déanta aige cheana féin ar an dóigh a gcuirtear gnó i gcrích ar bhonn idirnáisiúnta agus a leanfaidh le hathrú a dhéanamh ar an méid sin amach anseo. Is gá dúinn cur leis na láidreachtaí atá againn in earnálacha ar leith – an earnáil TFC ina measc – ionas gur féidir linn leas a bhaint as na deiseanna atá ann sna réimsí sin.

Leanfaimid le forbairt a dhéanamh ar an gcultúr láidir nuálaíochta agus fiontraíochta atá againn, agus é mar aidhm againn ár n-acmhainn fiontair a mhéadú agus an chothromaíocht cheart a bhaint amach idir fiontar eachtrach agus fiontar náisiúnta.

Is gá dúinn méadú a dhéanamh ar an líon margáí a n-onnmhairimid táirgí chucu agus an spleáchas atá againn ar thíortha ar leith a laghdú, agus tacóimid le gnólachtaí déanamh amhlaidh. Réimsí suntasacha inar féidir fás trádála agus infheistíochta a bhaint amach is ea margáí nua agus margáí atá ag teacht chun cinn, agus is féidir leas a bhaint as comhaontuithe trádála idirnáisiúnta chun deiseanna a chruthú ina leith sin. Ina theannta sin, déanfaimid iarracht mhéadaithe na margáí atá ann cheana a fhorbairt agus a chothú agus ár láthair, atá suite i ngar do mhargáí móra rachmasacha, a úsáid chun ár dtairbhe féin ar mhaithe le deiseanna a thabhairt do chuideachtaí Éireannacha díolacháin agus onnmhairí a mhéadú.

Is dúshlán é ráta dífhostaíochta na hÉireann go fóill, go háirithe dífhostaíocht i measc an ógra agus dífhostaíocht ar leibhéal réigiúnacha, agus is gá dúinn obair le chéile chun rátaí dífhostaíochta a laghdú go dtí na leibhéal atá leagtha amach sa Chlár do Rialtas Comhpháirtíochta.

Tá buíon oibríthe den chéad scoth againn in Éirinn, rud atá freagrúil do riachtanais athraitheacha éagsúla an gheilleagair. Is príomhláidrecht straitéiseach é sin. Tá easnaimh scileanna ann don ghnó i réimsí áirithe, áfach. Dá bhrí sin, leanfaimid le hiarracht a dhéanamh dul i ngleic leis na heasnaimh sin i gcomhar lenár gcomhghleacaithe sa Roinn Oideachais agus Scileanna. Is againne in Éirinn freisin atá éiceachóras láidir fiontraíochta lena gcothaítear agus lena mealltar gnólachtaí nuathionscanta ar féidir leo méadú ó scála i margáí idirnáisiúnta.

Leanfaimid le díriú ar iomaíochas agus beidh orainn freagairt chomhchoiteann a thabhairt i gcásanna inar cosúil gurb ann do bhrúnna aníos ó thaobh costais agus iomaíochais de. Is gá dúinn a chinntiú go bhfuil cothromaíocht ann maidir le leibhéal táirgiúlachta ar fud an gheilleagair agus go bhfuil na leibhéal sin gach píos chomh maith leis na leibhéal i dtíortha den chineál céanna.

Chomh maith leis sin, leanfaimid le cur chun cinn a dhéanamh ar an láidreach atá againn mar láthair ina bhfuil sé éasca gnó a dhéanamh agus ina bhfuil ardchaighdeán ó thaobh rialáil gnó agus rialachas corparáideach de i bhfeidhm.



Tá infheistíochtaí i dtaighde, forbairt agus nuálaíocht sa tír seo faoi bhun na leibhéal atá i réim i dtíortha den chineál céanna. Is ró-íseal atá céatadán na bhfiontar atá ag gabháil do thaighde agus nuálaíocht freisin. Tá sé mar aidhm againn go ndéanfaidh tuilleadh fiontar Éireannach infheistíocht i dtaighde agus forbairt agus go mbeidh comhar méadaithe ann idir fiontair atá faoi úinéireacht eachtrach agus fiontair atá faoi úinéireacht Éireannach agus idir fiontair, ollscoileanna agus institiúidí teicneolaíochta.

Fianaise ar ár bhfreagairt do na dúshláin agus do na deiseanna sin a bheidh sa dóigh a gcomhlíonfar gach sprioc atá leagtha amach sa Straitéis seo.

## An Clár do Rialtas Comhpháirtíochta 2016

Athdheimhnítear sa Chlár do Rialtas Comhpháirtíochta an tiomantas agus an uaimhian láidir atá againn in Éirinn i leith fiontair agus fostaíochta. Tugtar aitheantas ann don dul chun cinn suntasach atá déanta le cúig bliana anuas agus dá thábhachtaí atá sé an dul chun cinn sin a choinneáil ar bun agus earnálacha inbhuanaithe a chruthú nó a athfhorbairt ar féidir leo tacú le fás láidir leanúnach. Gealltar ann go ndéanfar iarracht lánfhostaíocht a bhaint amach agus go gcuirfear pleananna chun feidhme chun deiseanna nua earnála agus réigiúnacha a sholáthar ar mhaithe le bonn taca a chur faoin iarracht sin agus ar mhaithe leis an airgeadas poiblí a mhéadú ionas gur féidir linn uaimhianta práinneacha a chomhlíonadh i réimsí eile.

Go háirithe, díritear sa Chlár ar na nithe seo a leanas:

- 200,000 post breise a chruthú faoin mbliain 2020, 135,000 ceann taobh amuigh de Bhaile Átha Cliath san áireamh
- an ráta dífhostaíochta náisiúnta a laghdú go 6%
- fillleadh 70,000 imirceach ar a laghad a éascú
- tús áite a thabhairt d'fhorbairt réigiúnach ar bhonn cothrom, agus an ráta dífhostaíochta i ngach contae a thabhairt i bhfoisceacht aon faoin gcéad de mheán an Stáit faoin mbliain 2020

Gealltar sa Chlár go bhféachfar leis na huaimhianta atá leagtha amach sa doiciméad 'Fiontraíocht 2025' a chomhlíonadh agus aithnítear ann gurb amhlaidh, má thugtar an meascán ceart beartas isteach chun tacú leo, go mbeidh fiontair Éireannacha in ann feidhmiú de réir na n-uaimhianta sin.

Chomh maith leis sin, leagtar béim sa Chlár dá thábhachtaí atá fostaíocht ar ardchaighdeán, pá íosta a shocraítear ar bhealach cuí, cómhargáil, meicníochtaí réiteach díospóide a fheidhmíonn go maith agus timpeallacht shábháilte oibre. Beidh na réimsí sin ina ngnéithe tábhachtacha de chlár oibre na Roinne thar an tréimhse a chuimsítear leis an Ráiteas Straitéise seo.

Is féidir liosta de na gníomhartha faoin gClár do Rialtas Comhpháirtíochta atá le soláthar ag an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta a fháil in Aghuisín 1.

## Nuashonrú ón Straitéis don tréimhse 2015 – 2017

Tharla na nithe seo a leanas ó foilsíodh an Straitéis dheireanach uainn go luath sa bhliain 2015:

- Cé nár tháinig aon athrú ar fheidhmeanna ná freagrachtaí foriomlána na Roinne tar éis don Rialtas nua teacht in oifig, is amhlaidh go ndearna roinnt tosca seachtracha suntasacha, mar atá leagtha amach cheana féin, difear don timpeallacht ina n-oibrímid agus go mbíonn difear á dhéanamh acu don timpeallacht sin go fóill.

- Leagtar amach sa doiciméad *Fiontraíocht 2025*, ar ghlac an Rialtas i mí na Samhna 2015 í, straitéis fhadtéarmach le haghaidh fiontair a fhorbairt agus poist a chruthú. Soláthraítear sa doiciméad sin treo tábhachtach dár n-uaimhianta thar thréimhse na Straitéise nua.
- Ullmhaíodh Pleananna Gníomhaíochta Réigiúnacha do Phoist agus oibreimid le geallsealbhóirí réigiúnacha eile chun tacú le fiontair agus le poist sna réigiúin ar mhaithe leis an straitéis seo a sholáthar.
- Ghlac an Rialtas an straitéis *Nuálaíocht 2020* i mí na Nollag 2015. Is é an aidhm atá léi cur leis an rath suntasach atá ar straitéis Eolaíochta an Rialtais le 10 mbliana anuas, ar thréimhse í ar chuir Éire feabhas mór ar a bhfeidhmíocht dhomhanda lena linn. Is ar an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta atá an phríomhfhreagracht as maoirseacht a dhéanamh ar sholáthar na straitéise *Nuálaíocht 2020*.
- Bunaíodh an Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre i mí Dheireadh Fómhair 2015 nuair a comhdhlúthaíodh an Coimisiún um Chaidreamh Oibreachais, an Binse Comhionannais, an Binse Achomhairc Fostaíochta agus an tÚdarás Náisiúnta Cearta Fostaíochta le chéile. Féachfaimid as seo amach lena chinntiú go mbíonn an Coimisiún agus an Chúirt Oibreachais ag obair go héifeachtach.
- Tá Acht na gCuideachtaí, 2014, a tháinig i bhfeidhm i mí an Mheithimh 2015, á chur chun feidhme faoi láthair. Is é an aidhm atá leis an Acht reáchtáil laethúil an ghnó a shimpliú, na cosaintí riachtanacha a choinneáil ar bun dóibh sin atá ag déileáil le cuideachtaí, agus córas éifeachtach rialachais chorparáidigh a chur i bhfeidhm. Déanfaimid faireachán ar chur chun feidhme an Achta, ar píosa tábhachtach reachtaíochta é.
- Sa dá bhliain ó bunaíodh é, d'éirigh leis an gCoimisiún nua um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí athrú suntasach eagrúcháin a chur chun feidhme chun é a chumasú an misean atá aige a chomhlíonadh, is é sin, ceanglas a chur ar na margáí freastal níos fearr ar thomhaltóirí agus ar ghnólachtaí agus an méid sin a dhéanamh ar an mbealach is éifeachtúla is féidir.
- Bunaíodh an Coimisiún um Pá Íseal faoin Acht um Pá Íosta Náisiúnta (An Coimisiún um Pá Íseal), 2015, agus déanann sé moltaí don Aire chun pá íosta atá cóir agus inbhuanaithe a shocrú. Tabharfaimid tacaíocht don Choimisiún a chuid oibre a chur i gcrích.

## Béim Uile-Rialtais

Má táthar chun timpeallacht thacúil a chruthú d'fhiontar agus do phoist, beidh gá ann le béim leanúnach tras-Rialtais a chur ar dhul i ngleic le dúshlán thar na blianta atá romhainn. Tá an méid sin níos tábhachtaí fós maidir le freagairt do dhúshlán nua agus do dhúshlán atá ag teacht chun cinn agus maidir le timpeallacht thacúil a áirithiú d'fhorbairt gnó agus do phoist. Trí chur chuige comhpháirtíochta a ghlacadh i gcomhar le Ranna Rialtais, leis an lucht fiontair, le grúpaí ionadaíochta, leis na gníomhaireachtaí forbartha fiontair (Fiontraíocht Éireann, GFT Éireann agus Fondúireacht Eolaíochta Éireann), le hOifigí Fiontair Áitiúil agus le daoine eile, beimid in ann mórathrú a dhéanamh ar fheidhmíocht agus iomaíochas idirnáisiúnta ár n-earnálacha déantúsaíochta agus seirbhísí. Formhuinítear an cur chuige tras-Rialtais sin go láidir sa Chlár do Rialtas Comhpháirtíochta. Tá samplaí de na réimsí ina bhfuil leas cothrománach agus iarracht chomhoibríoch ar bun le Ranna eile Rialtais leagtha amach in Aguisín 2.

I dteannta na straitéisí *Fiontraíocht 2025* agus *Nuálaíocht 2020*, tá an Straitéis seo bunaithe ar roinnt creataí tábhachtacha eile ón Rialtas – an *Straitéis Náisiúnta Scileanna* agus *Food Wise 2025* ina measc.

Cuirfeadh na straitéisí ónár gcuid Oifigí agus Gníomhaireachtaí ar chomhréim leis an Straitéis seo freisin, ar straitéisí iad a bheidh ríthábhachtach maidir lenár spriocanna agus cuspóirí a bhaint amach. Tá liosta dár gcuid Oifigí agus Gníomhaireachtaí leagtha amach in Aguisín 4 a ghabhann leis an doiciméad seo.

## Athrú Inmheánach

Tá mórathruithe inmheánacha – idir athruithe struchtúrtha agus athruithe teicneolaíochta – déanta ar an Roinn agus ar a cuid Oifigí le blianta beaga anuas, agus é mar aidhm leo ár soláthar seirbhíse a chur ag teacht leis na hacmhainní atá ar fáil dúinn. Leanfaimid le hinfheistíocht a dhéanamh inár bhfoireann agus le féachaint ar athchóiriú mar ghné lárnach dár soláthar seirbhíse agus dár seirbhís ardchaighdeáin do chustaiméirí. Táimid tiomanta go hiomlán don chlár leanúnach athraithe atá ar bun sa Státseirbhís, rud a bhfuil sé mar aidhm leis acmhainn a fhorbairt chun freagairt do na dúshláin atá ann faoi láthair agus dóibh sin a bheidh ann amach anseo agus chun feidhmíocht na Státseirbhíse agus a foirne a fheabhsú.

## Rath a Thomhas

Tá spriocanna uileghabhálacha na Straitéise seo leagtha amach ar na leathanaigh seo a leanas. Is casta an rud é feidhmíocht gheilleagrach, fiontair agus nuálaíochta a thomhas toisc nach dtugtar léargas iomlán ar an scéal le haon tomhas ar leith. Ag an am céanna, tá sé tábhachtach go ndíreoidimid ar roinnt méadrachtaí uileghabhálacha, a mbeidh méadrachtaí daingne maidir le leibhéal feidhmíochta ag gabháil leo, chun an fheidhmíocht fhoriomlán a mheas. Tá na méadrachtaí ábhartha ó na straitéisí *Fiontraíocht 2025* agus *Nuálaíocht 2020* leagtha amach in Aguisín 3.

## An Próiseas Comhairliúcháin

Le linn dúinn an Ráiteas Straitéise seo a ullmhú, thugamar faoi phróiseas fairsing comhairliúcháin le raon leathan geallsealbhóirí spriocdhírithé – comhlachtaí ionadaíochta d'fhostóirí, d'fhostaithe agus do thomhaltóirí, gníomhaireachtaí stáit, cistitheoirí taighde agus comhlachtaí gairmiúla ina measc. Fuaireamar ionchur ó Ranna eile Rialtais agus chuamar i gcomhairle leis an gComhchoiste Oireachtais um Poist, Fiontar agus Nuálaíocht freisin.

# Sprioc

# a hAon

**Dul i gceannas ar an obair atá ar siúl chun fiontair agus poist ar ardchaighdeán a chruthú agus a choinneáil ar bun ar fud gach réigiúin den tír trí thacú le bonn láidir fiontar dúchasach, trí leanúint le hinfheistíocht Dhíreach Eachtrach a mhealladh agus trí chultúr láidir fiontraíochta a chothú.**

I gcomhar lenár ngníomhaireachtaí fiontraíochta – Fiontraíocht Éireann, GFT Éireann agus na hOifigí Fiontar Áitiúil – agus le geallsealbhóirí eile, stiúrfaimid an obair chun 200,000 post breise a chruthú faoin mbliain 2020, 135,000 post lasmuigh de Bhaile Átha Cliath san áireamh, mar atá leagtha amach sa Chlár do Rialtas Comhpháirtíochta.

Tabharfaimid tacaíocht do chuideachtaí dúchasacha de gach méid tosú, fás agus inmharthanacht a choinneáil trí leas a bhaint as córais tacaíochta den chéad scoth.

Leanfaimid le díriú ar thacaíocht a thabhairt d'fhiontraíocht luathchéime agus do ghnólachtaí nuathionscanta agus cinnteoidimid go gcuirfear beartais ar fud an Rialtais ar chomhréim le chéile chun tacú le gach cuideachta a mhéadú ó scála agus a idirnáisiúnú sa chás go bhfuil acmhainn acu táirgí agus seirbhísí ard-bhreislúacha a fhorbairt agus iad a dhíol le margaí thar lear ansin.

Cinnteoidimid go leanfaidh beartas infheistíochta díri eachtraí na hÉireann agus ár dtairiscint luacha de bheith iomaíoch in earnálacha ábhartha ionas go soláthrófar leo an meascán cuí de thionscadail infheistíochta isteach atá inbhuanaithe agus scaipthe go réigiúnach. Is iad na príomhchuspóirí atá againn ina leith sin ná feidhmíocht taighde, forbartha agus nuálaíochta a mhéadú i measc cuideachtaí infheistíochta díri eachtraí agus rannpháirtíocht na gcuideachtaí sin le geilleagar na hÉireann a dhoimhniú, mar shampla, trí chaiteachas díreach ar earraí agus ar sheirbhísí. Leanfaimid le comhar láidir agus le naisc láidre a chur chun cinn idir earnálacha dúchasacha agus earnálacha ilnáisiúnta.

Leanfaimid le sainaitheint a dhéanamh ar na dúshláin agus ar na deiseanna nua atá ann le haghaidh fás geilleagrach agus fostaíochta ar fud earnálacha dúchasacha agus earnálacha infheistíochta díri eachtraí araon agus leanfaimid le freagairt do na dúshláin agus do na deiseanna sin. Oibreoidimid lenár gcuid gníomhaireachtaí cuspóirí an doiciméid *Fiontraíocht 2025*, arb é straitéis fiontair an Rialtais é, agus cuspóirí a straitéisí féin a bhaint amach, agus tabharfaimid tacaíocht dóibh déanamh amhlaidh. Tríd an sprioc seo, freagróimid do na dúshláin shuntasacha, don éiginnteacht shuntasach agus do na deiseanna suntasacha a chruthófar do ghnólachtaí de bharr imeacht na Ríochta Aontaithe ón Aontas Eorpach agus forbairtí domhanda eile.

Coinneoidimid an Plean Gníomhaíochta bliantúil do Phoist ar bun chun an Sprioc seo a bhaint amach, ar Plean é atá formhuinthe ag an Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta. Rachaimid i gcomhairle le raon leathan geallsealbhóirí chun a chinntiú go gcuimseoidh an Plean na smaointe is fearr chun poist a chruthú laistigh de na hacmhainní atá ar fáil. Chomh maith leis sin, oibreoidimid go dlúth le ceannairí réigiúnacha ar na Pleananna Gníomhaíochta Réigiúnacha do Phoist a ullmhaíodh le déanaí.

Tá spriocanna uailmhianacha leagtha síos ag ár gcuid Gníomhaireachtaí. Déanfaimid an dul chun cinn a bhíonn á dhéanamh ar an Sprioc seo a thomhas gach bliain thar shaolré na Straitéise seo trí leas a bhaint as méadrachtaí sonracha, mar shampla: méadú ar leibhéil infheistíochta; fás ar fhostaíocht, ar dhíolacháin agus ar onnmhairí; méadú ar leibhéil fiontraíochta; méadú ar ghníomhaíocht nuálaíochta i measc fiontar; agus méadú ar an líon post atá scaipthe go réigiúnach.

## Torthaí

200,000 post nua a bheith cruthaithe faoin mbliain 2020, agus 135,000 ceann díobh a bheith lonnaithe taobh amuigh de Bhaile Átha Cliath.

Acmhainn mhéadaithe agus feidhmíocht fheabhsaithe a bheith ag ár n-earnáil fiontair i ndáil le cruthú fostaíochta, le hinfheistíocht agus le bonn níos leithne a bheith acu le haghaidh onnmhairí.

Cohórt cuideachtaí dúchasacha láidre a bhíonn ag fás, ar cuideachtaí iad a bhíonn ag brú fás onnmhairí agus fás geilleagrach agus fostaíochta chun cinn, a bhíonn ag tacú le forbairt réigiúnach chothromaithe agus a bhíonn ag feidhmiú de réir na gcaighdeán idirnáisiúnta is airde.

Rangú domhanda den scoth i ndáil le hinfheistíocht dhíreach eachtrach; méadú ar an líon infheistíochtaí in Éirinn ó chuideachtaí eachtracha; agus cineálacha nua infheistíochta díri eachtraí a bheith á mealladh chuig an tír, agus infheistíocht mhéadaithe i ngach réigiún.

Comhar méadaithe agus naisc mhéadaithe idir an bonn fiontar dúchasach beag agus meánmhéide agus cuideachtaí ilnáisiúnta.

## Spríoc

## a Dó

**Dul i gceannas ar chur chuige uile-Rialtais i leith an timpeallacht is iomaíche is féidir a chruthú le haghaidh fás infheistíochta, táirgiúlachta agus fostaíochta inbhuanaithe.**

Táimid ar an bpríomh-Roinn Rialtais atá freagrach as troid ar son timpeallacht iomaíoch thacúil a fhorbairt inar féidir fás fiontair agus fostaíochta a chur chun cinn, infheistíocht a mhealladh agus fás táirgiúlachta a mhéadú. Glacaimid dearcadh meántéarmach beartais agus dearcadh fadtéarmach beartais araon i leith forbairt fiontair agus deiseanna inbhuanaithe. Ina theannta sin, cuirimid tograí sonracha beartais ar aghaidh bunaithe ar thaighde láidir fianaisebhunaithe beartais agus ar ár dtacaí fiontair a chur ar chomhréim le chéile mar atá leagtha amach i Spríoc a hAon.

Oibreoidimid le ranna eile Rialtais agus le gníomhaireachtaí a imríonn ról tábhachtach maidir le timpeallacht beartais ina dtacaítear leis an lucht gnó a sholáthar ionas gur féidir linn a chinntiú go mbeidh geilleagar na hÉireann ar cheann de na geilleagair is iomaíche ar domhan, go mbeimid freagrúil agus solúbtha maidir le freastal ar na riachtanais athraitheacha atá ag fiontair agus ag oibrithe agus go bhforbróimid meascán fiontar atá athléimneach agus inbhuanaithe. Oibreoidimid le ranna eile i leith réimsí sonracha a dhéanann difear d'acmhainn agus feidhmíocht fiontair chun a chinntiú go soláthrófar an fhreagairt beartais phoiblí is fearr is féidir i réimsí amhail cáin, airgeadas, bonneagar, trádáil, fuinneamh agus an t-athrú aeráide. Oibreoidimid le geallsealbhóirí chun a chinntiú go soláthróimid na príomhnithe a theastaíonn chun áiteanna tarraingteacha ó thaobh infheistíocht fiontair, fiontraíochta agus fás táirgiúlachta de a fhorbairt ar fud na réigiún.

Mar gheall ar an mBreatimeacht, ar éiginnteachtaí domhanda agus ar dhúshláin eile atá leagtha amach níos luaithe sa doiciméad seo, beidh tábhacht ar leith ag baint le hobair chomhoibríoch a dhéanamh ar fud an Rialtais chun tacú le fiontar agus le poist.

Leanfaimid le faireachán a dhéanamh ar na riachtanais athraitheacha scileanna atá ag an ngeilleagar fiontair agus le comhairle a thabhairt ina leith, agus sinn ag obair i gcomhar leis an Roinn Oideachais agus Scileanna agus le soláthraithe eile. Tabharfaimid tacaíocht don Roinn Coimirce Sóisialaí chun bearta gníomhachtú saothair a dhéanamh chun rannpháirtíocht i ndeiseanna fostaíochta a mhéadú. Stiúrfaimid an obair atá ar bun chun a chinntiú go bhfreagróimid do shamhlacha nua gnó agus d'fhorbairtí margaidh agus teicneolaíochta ionas go gcruthóimid an timpeallacht is fearr is féidir chun infheistíochtaí nua a mhealladh agus chun tuilleamh ó mhargaí eachtracha a mhéadú, faoi mar atá leagtha amach sa doiciméad Fiontraíocht 2025.

Cuirfimid tograí beartais ar aghaidh agus cuirfimid cúrsaí fiontair chun cinn ar fud an Rialtais trí pháirt ghníomhach a ghlacadh i nGrúpaí Oifigeach Sinsearach, trí thacaíocht a thabhairt do Choistí Comh-aireachta agus trí thacaíocht taighde a thabhairt do ghrúpaí amhail an Sainghrúpa ar Riachtanais Scileanna sa Toghcháil agus an Chomhairle Náisiúnta Iomaíochais.

### Torthaí

An beartas poiblí a bheith ar chomhréim leis na riachtanais atá ag bonn fiontar atá iomaíoch, dírithe ar onnmhairí agus táirgiúl agus a bhaineann an leas is fearr as an acmhainn atá ann fostaíocht, infheistíocht agus tuilleamh eachtrach a mhéadú in Éirinn.

Infheistíocht i mbonneagar a bheith ar chomhréim le riachtanais fiontair, rud a mhéadaíonn iomaíochas na réigiún.

An soláthar buanna agus scileanna a bheith ar chomhréim leis an éileamh orthu, lena n-áirítear trí chuideachtaí a bhreisoiliúint.

Bheith rangaithe mar cheann de na cúig thír is iomaíche ar domhan

Rochtain mhéadaithe a bheith againn ar mhaoiniú ar son fáis, agus an maoiniú sin a bheith faighte againn

ar chostas iomaíoch.

Cur chuige cóir cothromaithe a bheith bainte amach againn i leith na spriocanna athrú aeráide atá againn don bhliain 2030, íoslghdú a bheith déanta ar an difear a dhéanann sé sin dár n-iomaíochas agus deiseanna le haghaidh fáis a bheith cruthaithe sa gheilleagar glas.

## Sprioc

## a Trí

**Obair uailmhianach a dhéanamh ar fud an Rialtais agus i gcomhar lenár gcomhpháirtithe san Aontas Eorpach agus lenár gcomhpháirtithe idirnáisiúnta chun dul chun cinn a dhéanamh ar raon leathan leasanna i bhfóirim AE agus idirnáisiúnta, lena n-áirítear chun freagairt do na himpleachtaí a bheidh ag an mBreatimeacht.**

Glacann an Roinn páirt ghníomhach i raon leathan réimsí beartais AE agus stiúran sí beartas trádála agus iomaíochais na hÉireann, lena n-áirítear ar leibhéal an Aontais Eorpaigh agus na hEagraíochta Domhanda Trádála. Agus sinn ag obair ar fud an Rialtais agus i gcomhar lenár gcomhpháirtithe san Aontas Eorpach agus lenár gcomhpháirtithe idirnáisiúnta, leanfaimid le hionadaíocht a dhéanamh d'Éirinn ar leibhéal an Aontais Eorpaigh. Agus an méid sin á dhéanamh againn, rachaimid i dteagmháil le hinstitiúidí AE, lena n-áirítear le linn cruinnithe de chuid na Comhairle Iomaíochta, na Comhairle Trádála agus EPSCO, chun tionchar a imirt ar bheartais atá ag teacht chun cinn agus lena dtacófar lenár gclár oibre um poist, iomaíochas agus fás a chomhlíonadh. Tá iomaíochas ina shaincheist thábhachtach san Aontas Eorpach go fóill maidir le fás a bhrú chun cinn laistigh den Eoraip agus maidir le seasamh an Aontais Eorpaigh a neartú i gcoibhneas leis na mórbhloic eile thrádála. Leanfaidh an Roinn le tionscnaimh uailmhianacha a mholadh chun an Margadh Aonair, go háirithe an margadh do sheirbhísí, agus an Margadh Aonair Digiteach a dhoimhniú i réimsí beartais a thagann faoina freagracht. Tacóidh sí leis an obair leanúnach atá ar bun chun cúrsaí iomaíochais a phríomhshruthú ar fud réimsí eile beartais freisin.

Tá freagracht ar an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta as beartas fostaíochta na hÉireann a chur chun cinn sa Chomhairle Fostaíochta, Beartais Shóisialta, Sláinte agus Gnóthaí Tomhaltóirí (EPSCO) agus as teagmháil leis an Seimeastar Eorpach a chomhordú trí chomhlachtaí ullmhúcháin na Comhairle i dtaca leis an gclár oibre um poist agus fás, le treoirlínte agus le moltaí atá sonrath don tír. Tá freagracht fhoriomlán ar an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta as beartas náisiúnta trádála agus tá sí i gceannas ar chúrsaí trádála AE de réir mar a bhaineann siad leis an tír seo. Comhordaímid raon leathan leasanna earnála ar leibhéal AE agus idirnáisiúnta agus déanaimid ionadaíocht do na leasanna sin. Déanaimid idirchaidreamh le Ranna eile Rialtais ag an am céanna. Chomh maith leis sin, tá freagracht ar an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta as ceadúnais onnmhairiúcháin, as earraí dé-úsáide agus as earraí míleata faoi chomhaontuithe AE agus faoi chomhaontuithe idirnáisiúnta eile.

D'fhonn cabhrú leis na clár oibre sin a sholáthar, tá roinnt ball foirne de chuid na Roinne ar iasacht thar lear leis an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála.

Ceann de na dúshláin is suntasaí atá romhainn is ea imeacht na Ríochta Aontaithe ón Aontas Eorpach. Oibreoidimid i gcomhar lenár gcomhghleacaithe ar fud an Rialtais chun an toradh is buntáistí is féidir a áirithiú d'Éirinn agus don Aontas Eorpach agus chun íoslaghdú a dhéanamh ar an tionchar ar fhiontair Éireannacha, ar fhostaithe agus ar thomhaltóirí. Féachfaimid le trádáil a éagsúlú agus le méadú a dhéanamh ar ár líonrú leis na Ballstáit eile agus le hinstitiúidí AE chun cailleadh na Ríochta Aontaithe a mhaolú, ar tír í a bhíonn ar aon tuairim linn le linn idirbheartaíocht AE go minic.

Méadóimid feacht ar dheiseanna nua fiontair a eascróidh as comhaontuithe idirnáisiúnta trádála agus infheistíochta AE, lena n-áireofar rochtain fheabhsaithe ar mhargaí, bealaí níos leithne soláthair, tuilleadh intuarthachta sa timpeallacht trádála agus laghdú ar an rómhaorlathas. Cinnteoidimid go mbainfidh Éire an tairbhe is fearr is féidir amach ó chomhaontuithe trádála in earnálacha nua amhail earraí, seirbhísí agus infheistíocht comhshaoil.

Oibreoidimid chun leasanna na hÉireann a chur chun cinn agus a chosaint ar fud na bhforbairtí tábhachtacha uile san Eagraíocht Dhomhanda Trádála ar dóigh dóibh teacht chun cinn le linn shaolré na straitéise seo, lena n-áirítear iad seo a leanas: an Comhaontú maidir le hEarraí Comhshaoil a thabhairt chun críche; Comhaontú athbhreithnithe maidir le Teicneolaíocht na Faisnéise a chur chun feidhme; cumhdach an Chomhaontaithe maidir le Soláthar Rialtais a leathnú; agus Comhaontú maidir



le Trádáil Seirbhísí a thabhairt chun críche (i gcomhthreo leis an Eagraíocht Dhomhanda Trádála). Oibreimid chun na leasanna sin a chur chun cinn agus a chosaint i gcomhthéacs na bhforbairtí tábhachtacha ar dóigh dóibh teacht chun cinn i ndáil le Talmhaíocht agus Trádáil Dhigiteach freisin. Beidh Éire ina ball iomlán de Bhord Rialaithe na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair den chéad uair riamh sa tréimhse 2017-2020 agus tabharfaidh sé sin deis don Roinn tionchar a imirt ar fhorbairt an chláir oibre idirnáisiúnta maidir le Todhchaí na hOibre.

## Torthaí

Clár oibre straitéiseach an Aontais Eorpaigh a bheith bainte amach, agus ionadaíocht láidir a bheith déanta do leasanna na hÉireann, sna réimsí seo a leanas: iomaíochas, trádáil, fostaíocht agus gnóthaí sóisialta, an dlí cuideachtaí, dócmhainneacht agus gnóthaí tomhaltóirí.

Spriocanna an Aontais Eorpaigh agus na hÉireann, lena n-áirítear na spriocanna sin a bhaineann le gnólachtaí, le tomhaltóirí agus le fostaithe, a bheith bainte amach le linn na hidirbheartaíochta maidir le himeacht na Ríochta Aontaithe ón Aontas Eorpach.

A laghad cur isteach is féidir a bheith déanta ar thrádáil agus an leas is fearr a bheith bainte as na deiseanna a tháinig as imeacht na Ríochta Aontaithe ón Aontas Eorpach.

Comhaontuithe trádála a bheith idirbheartaithe, tugtha chun críche agus curtha chun feidhme, ar comhaontuithe iad lena léirítear cuspóirí straitéiseacha na hÉireann agus lena n-éascaítear tuilleadh deiseanna trádála do ghnólachtaí Éireannacha.

Dea-thorthaí a bheith bainte amach ar an raon forbairtí tábhachtacha san Eagraíocht Dhomhanda Trádála ar dóigh dóibh teacht chun cinn le linn shaolré na straitéise seo, ar forbairtí iad a éascóidh fás onnmhairí agus rochtain níos fearr ar earraí domhanda agus ar ionchuir dhomhanda sheirbhíse.

## Spríoc

## a Ceathair

**Dul i gceannas ar uaillmhian uile-Rialtais chun Éire a chur chun cinn mar Cheannaire Domhanda Nuálaíochta, córas taighde atá iomaíoch ar leibhéal idirnáisiúnta a bhrú chun cinn, bonn fiontar nuálach a chruthú agus sochaí níos fearr a fhorbairt**

Sa doiciméad Nuálaíocht 2020, ár straitéis náisiúnta le haghaidh taighde agus forbairt, eolaíochta agus teicneolaíochta, socraítear fíis le haghaidh Éire a chur chun cinn mar Cheannaire Domhanda Nuálaíochta. Is é an aidhm atá léi córas taighde agus nuálaíochta atá iomaíoch ar leibhéal náisiúnta a chruthú, rud lena ndéanfar geilleagar inbhuanaithe a bhrú chun cinn agus, sa deireadh, sochaí níos fearr a chruthú. Leanfaimid ar aghaidh ag brú chur chun feidhme na straitéise Nuálaíocht 2020 chun cinn ar fud an Rialtais chun príomhspríocanna a sholáthar, lena n-áirítear an spríoc cheannlíne um 2.5% d'OTN a infheistiú i dtaighde agus forbairt faoin mbliain 2020.

Tá an nuálaíocht ina cuid dhílis de bhonn fiontar atá athléimneach agus iomaíoch ar leibhéal idirnáisiúnta. I gcomhar le Fondúireacht Eolaíochta Éireann, le Fiontraíocht Éireann agus le GFT Éireann, tabharfaimid tacaíocht do thuilleadh rannpháirtíochta i dtaighde, forbairt agus nuálaíocht ag fiontair faoi úinéireacht Éireannach agus fiontair faoi úinéireacht eachtrach araon agus ag fiontair bheaga agus mheánmhéide agus fiontair mhóra araon agus brúfaimid an rannpháirtíocht sin chun cinn. Cuirfimid ár dtacaí in oiriúint chun freastal ar riachtanais athraitheacha na hearnála fiontair. Spriocdhíreoidimid ár n-infheistiú ar réimsí deise tráchtála lena mbaineann tábhacht straitéiseach mar ar féidir linn ceannaireacht nuálaíochta a bhaint amach agus acmhainn iomaíochta a chothabháil. Cuirfimid feabhas ar thacaí le haghaidh eolas a aistriú ónár gcórais taighde phoiblí chuig fiontair d'fhonn aschuir taighde lena mbaineann acmhainn mhór tráchtála a sholáthar.

Ós rud é gur sinne an tír ag a bhfuil an céatadán is airde de dhaoine óga san Eoraip, tá deis againn daoine cumasacha a chothú chun freastal ar riachtanais an phobail taighde, ár sochaí agus an gheilleagair. Trí Fhondúireacht Eolaíochta Éireann, déanfaimid na daoine cumasacha sin a fhorbairt agus taispeánfaimid do dhaoine óga na deiseanna atá ar fáil sna hearnálacha eolasbhunaithe nua dár ngeilleagar. Tabharfaimid tacaíocht do thaighdeoirí ag gach céim dá bhforbairt gairme agus cuirfimid modhanna praiticiúla ar fáil chun an tsoghluaisteacht idir an saol acadúil agus réimse na fiontraíochta a éascú.

Maidir le réimse na maoine intleachtúla, tabharfaimid aghaidh ghníomhach ar dhúshlán nua sa mhargadh digiteach agus freagróimid go gníomhach do na dúshlán sin. Chomh maith leis sin, tacóimid le doimhniú na nuálaíochta, lena n-áirítear ag leibhéal fiontair. Neartóimid ár gcreat reachtach cuimsitheach do chearta maoine intleachtúla ar leibhéal intíre, ar leibhéal AE agus ar leibhéal idirnáisiúnta.

Méadóimid an méid a chuireann Éire le taighde idirnáisiúnta trí pháirt a ghlacadh in Eagraíochtaí Taighde Idirnáisiúnta agus i bhFís 2020 chun cistiú a aimsiú agus deis a thabhairt do thaighdeoirí agus do chuideachtaí dul i mbun comhair le ceannairí domhanda sa saol acadúil agus i réimse na fiontraíochta.

Beimid i gceannas ar sheasamh náisiúnta a chomhordú maidir leis an gclár comharba ar Fhís 2020 chun rannpháirtíocht na hÉireann ann a uasmhéadú.

### Torthaí

Dul chun cinn a dhéanamh ar chur chun cinn na hÉireann mar Cheannaire Domhanda Nuálaíochta.

Taighde sármaith éifeachtach i réimsí atá ag teacht le riachtanais fiontair na hÉireann.

Tacaí inrochtana taighde agus nuálaíochta lena spriocdhírítear ar riachtanais na bhfiontar.

Córas forásach Maoine Intleachtúla lena dtugtar luach a saothair do chruthaitheoirí, lena bhfreastalaítear

ar riachtanais leathana na sochaí agus lena spreagtar leibhéal mhéadaithe nuálaíochta i measc gnóthas.

Comhar feabhsaithe taighde agus nuálaíochta le comhpháirtithe AE agus idirnáisiúnta.

## Sprioc

## a Cúig

**Poist ar ardchaighdeán, dea-chaidreamh san áit oibre, meicníochtaí réiteach díospóide a fheidhmíonn go maith, timpeallacht shábháilte oibre agus éabhlóid an phá íosta a chur chun cinn.**

Gnéithe de gheilleagar sóisialta margaidh an-iomaíoch a thacaíonn le cothroime, a laghdaíonn an neamhionannas agus a uasmhéadaíonn cruthú fostaíochta iad cearta fostaíochta, caidreamh san áit oibre agus meicníochtaí réiteach díospóide a fheidhmíonn go maith, pá íosta a shocraítear go cuí agus timpeallacht shábháilte oibre. Cinnteimid go dtugtar tacaíocht leis an dlí fostaíochta do gheilleagar láidir agus do shochaí chothrom trí sholúbthacht agus socracht a chothromú agus trí chosaint a chur ar fáil do gach duine atá i mbun oibre. Rithfidimid reachtaíocht chun cosaint níos fearr a chur ar fáil d'oibrithe leochaileacha.

Tá an Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre a bunaíodh le déanaí agus an Chúirt Oibreachais leathnaithe i mbun feidhme le linn tréimhse dhúshlánach don gheilleagar. Cé go bhfuil an geilleagar ag fás go láidir, tá sé leochaileach i leith suaitheadh geilleagrach fós. Cinnteimid go dtacófar le córais le haghaidh díospóidí san áit oibre a réiteach ionas go mbeifear in ann seirbhís ghasta éifeachtúil a chur ar fáil.

Tacóimid leis an gCoimisiún um Pá Íseal ina ról maidir le moltaí a dhéanamh don Rialtas faoin bpá íosta náisiúnta.

Neartaítear Éire mar láthair infheistíochta lenár gcóras Ceadanna Fostaíochta trí chur ar chumas fiontar na daoine cumasacha riachtanacha a rochtain ó thíortha eile. Soláthróimid próiseas éifeachtúil ceadanna fostaíochta chun rialáil a dhéanamh ar an teacht isteach daoine aonair ó thíortha lasmuigh den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch trí chur chuige solúbtha lena léirítear cineál athraitheach na hinimirce a ghlacadh.

Baineann ríthábhacht le sábháilteacht agus sláinte ár n-oibrithe go léir. Tacóimid le sláinte agus sábháilteacht a bhaineann leis an obair agus le húsáid shábháilte as ceimiceáin trí raon cothromaithe comhréireach ionstraimí, lena n-áireofar faisnéis, feachtais spriocdhírithé phoiblíochta agus treoir, mar aon le rabhaidh agus forfheidhmiú, nuair is gá.

### Torthaí

Dlí fostaíochta lena dtugtar tacaíocht do gheilleagar láidir agus do shochaí chothrom trí sholúbthacht agus socracht a chothromú agus trí chosaint a chur ar fáil do gach duine atá i mbun oibre.

Réiteach tráthúil éifeachtach cúiseanna gearáin fostaíochta aonair agus díospóidí comhchoiteanna chun tacaíocht do chómhargáil eagraithe a chomhlánú ar fud an gheilleagair.

Comhairle fhianaisebhunaithe don Rialtas maidir leis an bpá íosta chun cabhrú leis an oiread oibrithe ísealphá agus is féidir, gan aon drochiarmhairt a bheith ann don fhostaíocht ná d'iomaíochas.

Córas ceadanna fostaíochta atá bunaithe ar scileanna, solúbtha agus á bhrú chun cinn ag éileamh lena neartaítear Éire mar láthair infheistíochta trí chur ar chumas fiontar na daoine cumasacha riachtanacha a rochtain ó thíortha eile.

Timpeallacht oibre lena gcosnaítear sláinte agus sábháilteacht na n-oibrithe agus lena dtacaítear le hiomaíochas trí na caighdeáin is airde sláinte agus sábháilteachta ceirde a choinneáil ar bun trí fhorfheidhmiú níos fearr, trí chigireachtaí rioscabhunaithe san áit oibre agus trí phionóis éifeachtacha a fhorchur i leith neamhchomhlíonadh.

# Sprioc

# a Sé

**A chinntiú go gcabhraíonn ár rialáil gnó le hinfheistíocht agus forbairt gnó, le hiomaíochas san áit mhargaidh, le hardchaighdeáin chosanta do thomhaltóirí agus le hardchaighdeáin rialachais chorparáidigh agus go dtugann sí buntáiste iomaíoch d'Éirinn sa mhargadh domhanda.**

I ndlúthchomhar le geallsealbhóirí agus le Ranna eile Rialtais, bhíomar i gceannas ar chreat dlí cuideachtaí atá cobhsaí, trédhearcach agus nuachóirithe a fhorbairt go rathúil in Éirinn. Is bunriachtanas é sin chun fiontair dhúchasacha a chothú, infheistíocht dhíreach eachtrach a mhealladh agus fás inbhuanaithe agus cruthú fostaíochta a bhrú chun cinn.

Déanfaimid faireachán ar chur chun feidhme Acht na gCuideachtaí 2014 chun a chinntiú go bhfuil sé ag comhlíonadh na gcuispóirí ardleibhéil sin. Chomh maith leis sin, beidh forbairt á déanamh againn ar rialáil nua fheabhsaithe i réimse na hiniúcháireachta agus i réimse na cuntasáíochta chun feabhas a chur ar cháilíocht agus maoirseacht iniúcháireachta agus chun deireadh a chur le hualaí neamhriachtanacha riaracháin ar fhiontair bheaga agus ar mhicrifhiontair.

Leanfaimid le nuachóiriú na reachtaíochta corparáidí in Éirinn tríd an reachtaíocht lena rialaítear an earnáil comharchumann a athbhreithniú, a nuachóiriú agus a chomhdhlúthú. Déanfaimid athbhreithniú ar an reachtaíocht lena mbuntacaítear leis an mBord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta d'fhonn úsáid na samhla socraithe ísealchostais seo a uasmhéadú. Ba cheart go gcuirfeadh sé sin le laghdú a dhéanamh ar na costais a bhaineann le héilimh dhíobhála pearsanta.

Leanfaimid ar aghaidh ag freagairt do dhúshlán nua agus éiritheacha i réimse an bheartais iomaíochta agus tomhaltóirí agus é mar chuspóir againn a chinntiú go soláthraítear lenár gcuid beartas cothromaíocht chuí idir na hardchaighdeáin chosanta do thomhaltóirí a bhfuiltear ag súil leo agus cabhrú le cothrom na Féinne a sholáthar i margáí ionas go mbeidh gnólachtaí in ann dul in iomaíocht, foghlaim agus fás ar leibhéal idirnáisiúnta. Déanfaimid comhdhlúthú agus nuachóiriú ar an reachtaíocht lena rialaítear an soláthar earraí, seirbhísí agus ábhair dhigitigh chun creat soiléir cothromaithe um chearta agus réitigh thomhaltóirí a chruthú agus chun an leas is mó a bhaint as buntáistí an Mhargaidh Aonair Dhigitigh do thomhaltóirí agus do ghnólachtaí.

Oibreimid chun a chinntiú go dtacófar le rialáil le hacmhainní agus cumhachtaí forfheidhmithe cuí. Cuirfimid Seirbhís éifeachtach éifeachtúil um Breithniú Conarthaí Foirgníochta ar fáil.

## Torthaí

Cuspóirí á gcomhlíonadh ag an gcreat reachtach in Acht na gCuideachtaí 2014 mar a beartaíodh.

Creat reachtach nua iniúcháireachta agus cuntasáíochta lena gcuirfead feabhas ar rialáil na hiniúcháireachta reachtúla agus ar an maoirseacht uirthi agus lena laghdófar ualaí riaracháin ar fhiontair bheaga agus ar mhicrifhiontair.

Achtú déanta ar chreat reachtach atá cuimsitheach agus nua-aimseartha um dhlí na gconarthaí tomhaltóirí.

An leas is mó a bheith bainte as an acmhainn a bhaineann le samhail an Bhoird Mheasúnaithe Díobhálacha Pearsanta.

Reachtaíocht chomhdhlúite nuachóirithe don earnáil comharchumann, lena n-áirítear i dtaca le rialachas corparáideach agus trédhearcacht, lena n-éascaítear forbairt na hearnála.

# Sprioc

# a Seacht

**Infheistiú inár bhfoireann chun cumas an duine aonair agus an cumas comhchoiteann a fheabhsú tuilleadh, chun ardchaighdeán rialachais chorparáidigh a chinntiú agus chun an leas is fearr a bhaint as ár n-acmhainní eile le haghaidh ár Straitéis, ár Misean agus ár Spriocanna a chomhlíonadh.**

Agus tacaíocht á fáil ó aonaid ghnó na Seirbhísí Corparáideacha, bíonn saothrú agus comhlíonadh na Spriocanna atá leagtha amach sa Straitéis ag brath ar fheabhas agus iarrachtaí ár mball foirne go léir. Is í ár bhfoireann ár bpríomhshócmhainn. Forbróimid straitéis thacúil acmhainní daonna agus infheisteoidimid i bhfoghlaim chomhroinnte agus i bhforbairt gairme chun cabhrú le gach ball foirne a gcumas a mhéadú le go mbeidh siad in ann cur go mór linn agus le go mbeidh an tsolúbthacht acu freagairt do shaincheisteanna tábhachtacha de réir mar a thagann siad chun cinn.

Bainfidimid an leas is fearr as ár n-acmhainní airgeadais, teicneolaíochta agus eile chun cur ar ár gcumas ár gcuspóirí a bhaint amach agus clár feabhais leanúnaigh a chur chun feidhme.

- Glacfaimid páirt iomlán sa chlár oibre leanúnach um athchóiriú na seirbhíse poiblí agus i bPlean Athnuachana na Státseirbhíse agus saothróimid roinnt tionscnaimh inmheánacha faoi scáth an tionscnaimh 'Bealaí Nua le hObair' dár gcuid. Áireofar leis sin infheistiú shuntasach a dhéanamh i bhforbairt foirne chun saineolas agus cumas a mhéadú agus cur ar chumas ár bhfoirne ardleibhéal feidhmíochta a bhaint amach ar fud ár réimsí ilchineálacha gnó.
- Earcóimid baill foirne ag a bhfuil scileanna sonracha d'fhonn ár saineolas a neartú i réimsí ar leith freisin.
- Coinneoidimid seirbhís bharrmhaith ar bun le linn dúinn líon mór ball foirne i bpríomhréimsí gnó a athlonnú (lena n-áirítear tacú le córais TFC agus le córais eile).
- Leanfaimid ar aghaidh ag iarraidh éifeachtúlachtaí agus seirbhís fheabhsaithe do chustaiméirí a bhaint amach trí dhírú leanúnach a leagan ar dheiseanna digiteacha.
- Rachaimid i mbun birt bunaithe ar aiseolas ó shuirbhéanna custaiméirí agus rannpháirtíocht foirne chun cabhrú linn ár soláthar seirbhíse a fheabhsú.
- Léireoidimid ardchaighdeán feabhais i rialachas corparáideach, rud lena gcuirfear oscailteacht agus trédhearcacht ar fáil agus lena gcinnteofar luach ar airgead.

Ar aon dul lenár n-oibleagáidí faoin Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas 2014, tá an Roinn tiomanta do phromhadh a dhéanamh ar a cuid beartas, nósanna imeachta agus seirbhísí ar fud a réimsí gnó chun a chinntiú go bhfuilimid ag cloí leis na ceanglais atá orainn ó thaobh chearta an duine agus comhionannais de.

## Torthaí

Foireann atá freagrúil, gairmiúil agus solúbtha.

Córais éifeachtacha lena dtugtar tacaíocht straitéiseach dár ngnó.

Cultúr agus creat fóna rialachais chorparáidigh agus luach ar airgead a bheith bainte amach i mbainistiú chistiú na Roinne.

# Aguisín 1

## An Liosta de na Gníomhartha sa Chlár do Rialtas Comhpháirtíochta atá le soláthar ag an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta

- Is é an sprioc dheiridh atá ag an Rialtas nua ná lánfhostaíocht inbhuanaithe a chur ar fáil. Ciallóidh sé sin 200,000 post breise faoi 2020, agus 135,000 acu sin taobh amuigh de Bhaile Átha Cliath, rud a d'fhágfadh níos mó daoine i mbun oibre ná mar a tharla riamh cheana.
- Go sonrach, déanfaidh an Rialtas nua na nithe seo a leanas:
  - Díreofar ar 200,000 post breise faoi 2020, 135,000 taobh amuigh de Bhaile Átha Cliath san áireamh
  - Laghdófar an ráta dífhostaíochta go dtí 6%
  - Éascófar filleadh 70,000 imirceach ar a laghad
  - Tabharfar tús áite d'fhorbairt réigiúnach ar bhonn cothrom, rud a cheadóidh dúinn díriú ar ráta dífhostaíochta i ngach contae a bheidh i bhfoisceacht aon faoin gcéad de mheán an Stáit faoi 2020
- Coinneoidh le próiseas an Phlean Gníomhaíochta do Phoist atá formhuinith ag an OECD, agus rachaidh sé sin i gcomhairle, go bliantúil, leis na páirtithe leasmhara ar fad chun Plean Gníomhaíochta a dhréachtú ina mbeidh na smaointe is fearr do chruthú post laistigh de na hacmhainní a bheidh ar fáil.
- Feidhmeoidh pleananna poist do na réigiúin, le hionchur áitiúil, chun cuidiú leis an bhforás a scaipeadh chuig na ceantair go léir. An aidhm a bheidh leis na straitéisí sin ná spreagadh a thabhairt do ghníomhaireachtaí agus do chuideachtaí oibríú le chéile ar na láidreachtaí iomaíocha atá ag gach réigiún. Cuirfimid de dhualgas ar Oifigí Fiontair Áitiúil spriocanna do chruthú post dírithe ar chontaetha a chur i bhfearas.
- Déanfaimid na comhairlí contae a spreagadh chomh maith maidir leis an ról suntasach a bheidh acu sa Phlean Gníomhaíochta Réigiúnach do Phoist, chun a chinntiú go bhfuil an téarnamh eacnamaíochta le sonrú i ngach teaghlach ina gcontaetha.
- €300 milliún breise i gcistiú caipitil idir Fiontraíocht Éireann agus Údarás na Gaeltachta chun cead a thabhairt dóibh breis tacaíochta a thabhairt d'fhiontair atá faoi úinéireacht Éireannach. Tabharfaidh an cistiú breise seo breis acmhainní d'Oifigí Fiontair Áitiúil agus do ghorlanna chun cuidiú le gnólachtaí nuathionscanta agus gnólachtaí beaga ar fud na tíre.
- Tabharfar €200 milliún breise don IDA a cheadóidh dóibh, i measc nithe eile, breis post ilnáisiúnta a mhealladh trí shaoráidí ardchaighdeáin breise a thógáil sna bailte réigiúnacha. Leanfaidh sé sin an 11 saoráidí ardchaighdeáin atáthar ag cur ar fáil faoi láthair.
- Tacóimid le léim chun cinn i gcumas agus i bhfeidhmíocht ár n-earnála fiontair. Cosnóimid ár n-iomaíochas náisiúnta ó fhás costas neamh-inbhuanaithe (i gceist ansin tá nuálaíocht agus infheistíocht ghníomhach mar aon le héilimh ioncaim a choinneáil le seachadadh dílis ar fheabhsúcháin táirgiúlachta).
- Bainfimid barr feabhais amach leis na nithe bunúsacha, agus cuirfimid timpeallacht ghnó ar fáil a mbeidh poist le fáil ann agus a bheidh ar barr an scála dhomhanda.
- Aithneoidh an Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre agus an Chúirt Oibreachais mar fhóram cuí d'idirghabháil an stáit in aighnis chaidrimh thionscail agus cinnteoidh go mbeidh tacaíocht agus dóthain acmhainní ag an dá chomhlacht chun a róil a chur i gcrích.
- Méadóimid an pá íosta agus cinnteoidh go dtugtar cosaint chúí do leasanna oibríthe ísealphá agus daoine i gcúinsí neamhchinnte oibre.
- Leibhéal bhochtaineachta a laghdú trí thacú leis an bpá íosta a ardú go dtí €10.50 san uair thar na cúig bliana seo romhainn agus a bheith ag brath ar na moltaí bliantúla ón gCoimisiún um Pá Íseal faoin leibhéal coigeartaithe gach bliain.
- Neartóimid an ról atá ag an gCoimisiún um Pá Íseal i dtaca leis an mbearna atá sa phá idir na hinscní agus bochtaineacht i mbun oibre.
- Tabharfaidh faoi na fadhbanna a d'eascair as an ardú a tháinig ar dhíbhanú na hoibre, rud a chuireann cosc ar oibríthe a bheith in ann airgead a choigilt nó cinnteacht phoist a bheith acu.
- Neartóimid an rialáil i dtaca le hobair dhainséarach.
- Cinnteoidh go ndéanfar leasanna na tíre a chosaint in aon chaibidlíocht trádála sa todhchaí, le fócas ar leith ar mhairteoil agus ar chaighdeáin sábháilteachta bia.
- Oibreoidh leis an gCoimisiún Eorpach agus le comhghleacaithe ar fud AE leis an toradh is fearr is féidir d'Éirinn a chinntiú in aon chaibidlíocht sa todhchaí. Go háirithe, oibreoidh lena chinntiú go gcaomhnaítear prionsabal na coibhése sa chaibidlíocht mar a bhaineann le sábháilteacht bhia, inrianaitheacht agus caighdeáin táirgeachta, lena chinntiú go mbeidh na táirgeoirí ar fad ag obair ar bhonn atá cothrom.

- Rannpháirtíocht na hÉireann i gCúirt Aontaithe na bPaitinní.



## Aguisín 2

### Samplaí de na réimsí ina bhfuil leas cothrománach agus iarracht chomhoibríoch le Ranna eile Rialtais agus lena gcuid Gníomhaireachtaí

#### An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara

Onnmhairí agus trádáil; Food Wise 2025; Nuálaíocht 2020; Sláinte agus Sábháilteacht san earnáil feirmeoireachta agus iascaigh; na hAchtanna Ceimiceán – (Clárú, Meastóireacht agus Údarú Ceimiceán (REACH), an Rialachán maidir le haicmiú, lipéadú agus pacáistiú (CLP), Rialachán Rotterdam)

#### Roinn an Taoisigh

Pleananna Gníomhaíochta bliantúla do Phoist agus Straitéis um Margadh Aonair Digiteach a fhorbairt

#### An Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta

Pleananna Gníomhaíochta Réigiúnacha do Phoist; Leathanbhanda a chur i bhfeidhm; an Plean Gníomhaíochta do Cheantar Tuaithe na hÉireann

#### An Phríomh-Oifig Staidrimh

Raon suirbhéanna ar an bhfeidhmíocht fiontraíochta agus nuálaíochta; modúl an tSuirbhé Náisiúnta Ráithiúil Teaghlaigh (QNHS) maidir le timpistí agus tinneas a bhaineann leis an obair

#### An Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil

Nuálaíocht 2020; leathanbhanda ardluais a chur i bhfeidhm; slándáil agus soláthar fuinnimh; na hAchtanna Ceimiceán

#### An Roinn Sláinte

Nuálaíocht 2020; Mol Nuálaíochta Sláinte Éireann a bhunú; an ghné um áiteanna oibre sláintiúla den tionscnamh *Éire Shláintiúil*; na hAchtanna Ceimiceán

#### An Roinn Oideachais agus Scileanna

An Beartas Náisiúnta Scileanna; an Sainghrúpa ar Riachtanais Scileanna sa Todhchaí; réimsí ina bhfuil príomhscileanna in easnamh; Feabhas agus taighde bunúsach; Beartú tosaíochta taighde; Infheistíocht sa Chlár an Thaighde in Institiúidí Tríú Leibhéal; Fiontraíocht san Oideachas; an Scéim Deimhniú Scileanna Foirgníochta; an Beartas Sóisialta faoin gComhairle Fostaíochta, Beartais Shóisialta, Sláinte agus Gnóthaí Tomhaltóirí

#### An Roinn Airgeadais

Maoiniú le haghaidh Gnóthas; cánachas; cistí agus margaí; dócmhainneacht; an comhrac in aghaidh sciúradh airgid

#### An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála

Buanionadaíocht in AE; Beartas trádála; Misin trádála; Tacaíocht do ghnólachtaí Éireannacha i margaí atá ann cheana/margaí nua; Straitéis maidir le taidhleoireacht eacnamaíoch; próiseas na gComhchoimisiún Eacnamaíoch (JECanna) leis an tSín, leis an Rúis, leis an Araib Shádach agus leis an gCóiré; an Chomhairle Trádála Onnmhairiúcháin (ETC)/ an Grúpa Comhordaithe Trádála; Obair leanúnach na Roinne Gnóthaí Eachtracha agus Trádála ar na Tíortha is Lú Forbairt; Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe agus spriocanna Chlár Oibre 2030; Cur chuige uile-Rialtais maidir leis an mbeartas eachtrach; Cearta an Duine; an Eagraíocht Idirnáisiúnta Saothair; Tuairisciú do Chairt Shóisialta na hEorpa de chuid Chomhairle na hEorpa; Córas ceadúnaithe agus forfheidhmithe le haghaidh rialuithe onnmhairiúcháin; Comhoibriú Thuaidh-Theas – IdirThrádáil Éireann

#### An Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil

Tithíocht ar phraghas réasúnta; an próiseas pleanála; uisce; bainistíocht dramhaíola; an ról tábhachtach atá ag Údarás Áitiúla i spriocanna na bPleananna Gníomhaíochta Réigiúnacha do Phoist a bhaint amach; *an Clár um Chuimsiú Sóisialta agus Gníomhachtú Pobail (SICAP)* ón Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil; an

tAcht um Shubstaintí Contúirteacha - Ról ceadúnaithe na nÚdarás Áitiúil; na hAchtanna Ceimiceán - Rialú ar Mhórghuaiseacha Timpiste

#### **An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais/an Garda Síochána**

Ceadanna fostaíochta; cigireachtaí ar chearta fostaíochta; iompar earraí contúirteacha ar bhóithre (ADR); an clár 'Tiomáint don Obair'; comhionannas fostaíochta mar chuid de chomhordú an bheartais fostaíochta agus shóisialta ag an gComhairle Fostaíochta, Beartais Shóisialta, Sláinte agus Gnóthaí Tomhaltóirí de chuid AE; saincheisteanna dócmhainneachta AE

#### **An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe**

Tosaíochtaí caiteachas caipitil chun tacú le forbairt fiontair; cistiú caipitil agus reatha do Ghníomhaireachtaí; an Fóram Eacnamaíoch Fostóra agus Lucht Saothair (LEEF)

#### **Na Coimisinéirí Ioncaim**

Cearta fostaíochta - Imscrúdaithe comhpháirteacha (an Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre, an Roinn Coimirce Sóisialaí agus na Coimisinéirí Ioncaim); Ceadanna Fostaíochta; na hAchtanna Ceimiceán; Dlí na gCuideachtaí

#### **An Roinn Coimirce Sóisialaí**

Prótacal idir an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta, an Roinn Coimirce Sóisialaí agus na Ghníomhaireachtaí Fiontraíochta arb é is aidhm dó earcú ag na Ghníomhaireachtaí Fiontraíochta ón mBeochlár a uasmhéadú; pá íseal; beartas fostaíochta agus sóisialta AE faoin gComhairle Fostaíochta, Beartais Shóisialta, Sláinte agus Gnóthaí Tomhaltóirí, Cearta fostaíochta - Imscrúduithe comhpháirteacha (an Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre, an Roinn Coimirce Sóisialaí agus na Coimisinéirí Ioncaim)

#### **An Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt**

Bonneagar iompair.

## Aguisín 3 – Spriocanna atá leagtha amach sna doiciméid Fiontraíocht 2025 agus Nuálaíocht 2020

Tá na spriocanna atá leagtha amach sna doiciméid Fiontraíocht 2025 agus Nuálaíocht 2020 mar bhonn le Ráiteas Straitéise 2016-2019 ón Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta

Tábla 1 Torthaí náisiúnta uileghabhálacha – Fiontraíocht 2025

	Torthaí náisiúnta uileghabhálacha	Méadracht	Feidhmíocht Reatha	Acmhainn faoin mbliain 2020	Bliain bhonnlinne
<b>1</b>	<b>Acmhainn fostaíochta agus réigiúnach</b>				
	2.180m duine i mbun oibre faoin mbliain 2020	An Fás Bliantúil Fostaíochta (000)	1,959	2,180	Ráithe 2 2015
	Beidh 71 faoin gcéad de dhaoine idir 20 bliain d'aois agus 64 bliana d'aois i mbun oibre faoin mbun 2020	An Ráta Fostaíochta i measc daoine idir 20 bliain d'aois agus 64 bliana d'aois	67	71	2014
	An acmhainn réigiúnach a bharrfheabhsú	Ní bheidh rátaí réigiúnacha dífhostaíochta 1 phointe céatadán níos airde ná an ráta náisiúnta dífhostaíochta	<3%	<1%	Ráithe 1 2015
<b>2</b>	<b>Fás bunaithe ar onnmhairí</b>				
	Onnmhairí a mhéadú	Onnmhairí i measc fiontair faoi úinéireacht Éireannach a mhéadú faoi 6-8% sa bhliain faoin mbliain 2020 <sup>1</sup>	€16.3bn	€24-€26bn	2014
<b>3</b>	<b>Nuálaíocht</b>				
	Infheistíocht i dtaighde, forbairt agus nuálaíocht a mhéadú	Ollchaiteachas ar thaighde agus forbairt mar chéatadán d'OTN	2.05%	2.5%	2012
	Cultúr Nuálach	Nuálaíochtaí táirge nó próisis a bheith á dtabhairt isteach ag fiontair bheaga agus mheánmhéide (mar % de na fiontair bheaga agus mheánmhéide go léir)	35%	45%	2015
<b>4</b>	<b>Tallann</b>				
	Fórsa saothair ardoilte	Gnóthachtáil oideachais threasaigh i measc daoine idir 30 bliain d'aois agus 34 bliana d'aois	52.2%	60%	2013
<b>5</b>	<b>Iomaíochas</b>				
	Rangú i measc na 3 thír bheaga is iomaíche ar domhan	World Bank Doing Business (189 ngeilleagar)	13 <sup>2</sup>	1-3	2015

<sup>1</sup> Ní áirítear leis sin eintitis faoi úinéireacht eachtrach laistigh de phunann Fhiontraíocht Éireann, e.g. bia

<sup>2</sup> Ar na tíortha beaga eile atá chun tosaigh ar Éirinn sa rangú faoi láthair tá Singeapór (1), an Nua-Shéalainn (2), Hong Cong (3), an Danmhairg (4), an Fhionlainn (9) agus an Íoslainn (12)

Brabúsacht na ngnólachtaí faoi úinéireacht Éireannach a choinneáil (ar fud gach earnála)	Ollbharrachas oibriúcháin mar % den láimhdeachas (Gnó in Éirinn - an Phríomh-Oifig Staidrimh) (7.3% sa bhliain 2010)	9.6%	10%	2012
<b>6 Caighdeáin mhaireachtála</b>				
Caighdeáin mhaireachtála a thabhairt ar ais chuig na leibhéal a bhí ann roimh an gcúlú agus staid os cionn an mheáin a choinneáil i gcomórtas leis na 19 mBallstát den Limistéar Euro sa tréimhse go dtí an bhliain 2025 agus ina diaidh	Ollioncam náisiúnta in aghaidh an duine de réir Caighdeáin Chumhachta Ceannaigh (Eurostat) (na 19 mBallstát de Limistéar an Euro = 100)	98	105	2013

**Tábla 2 Méadrachtaí feidhmíochta ar leibhéal an fhiontair agus acmhainn sa todhchaí – Fiontraíocht 2025**

Gníomhaíocht ar leibhéal an ghnólachta	Méadracht	Feidhmíocht Reatha	Acmhainn faoin mbliain 2020	Bonnlinne
<b>1 Fiontair inbhuanaithe</b>				
An líon gnólachtaí nuathionscanta a mhéadú faoi 25 faoin gcéad	An líon tionscnamh fiontair sa bhliain	12,551	15,700	2012
An líon fiontar a fhanann i mbun feidhme ar feadh 5 bliana a mhéadú faoi 25 faoin gcéad	Ráta marthanais na ngnólachtaí nuathionscanta (5 bliana)	6,513	8,141	2007-2012
Gníomhaíocht scálaithe a mhéadú	Gnólachtaí de chuid Fhiontraíocht Éireann - díolacháin >€3m amach as Éirinn	860	1,100	2013
	Gnólachtaí de chuid Fhiontraíocht Éireann - díolacháin >€20m amach as Éirinn	225	300	
	Gnólachtaí de chuid Fhiontraíocht Éireann - díolacháin >€100m amach as Éirinn	54	90	
<b>2 Fás agus fostaíocht onnmhairiúcháin</b>				
Déine onnmhairí i measc fiontair faoi úinéireacht Éireannach a mhéadú	Onnmhairí i measc fiontair faoi úinéireacht Éireannach mar % de dhíolacháin	51%	55%-60%	2014
Bonn na n-onnmhairí i measc fiontair faoi úinéireacht Éireannach a leathnú	Níos faide ná margáí Ríochta Aontaithe faoi €5-€6 billiún	€10bn	€15-€16bn	2014
Fostaíocht Fhiontraíocht Éireann a mhéadú	Fostaíocht a mhéadú faoi 32,000 duine	180,000	212,000	2014
Méadú ar fhostaíocht GFT	Fostaíocht a mhéadú faoi 35,000 duine faoin mbliain 2019 (eachtarshuite go 42,000 duine faoin mbliain 2020)	175,000	216,000	2014
Infheistíochtaí díreacha eachtracha a mhéadú	900 infheistíocht nua faoi thacaíocht GTF faoin mbliain 2019 (eachtarshuite go 1,080 infheistíocht faoin mbliain 2020)	779	1,080	2010-2014
<b>3 Nuálaíocht</b>				
Méadú ar an líon gnólachtaí atá gníomhach i dtaighde, forbairt agus nuálaíocht	An líon gnólachtaí de chuid Fhiontraíocht Éireann atá gníomhach i dtaighde agus forbairt >€100k	858	1,000	2011-2014
Méadú ar an líon gnólachtaí mórsála atá	An líon gnólachtaí de chuid Fhiontraíocht	139	220	2013

gníomhach i dtaighde, forbairt agus nuálaíocht	Éireann atá gníomhach i dtaighde agus forbairt >€1m			
Méadú ar an infheistíocht dhíreach eachtrach i dtaighde agus forbairt	Suim charnach €3bn in infheistíocht dhíreach eachtrach a bhaint amach faoin mbliain 2019 (eachtarshuite go €3.6bn faoin mbliain 2020)	€2.5bn	€3.6bn	2010-2014
Méadú ar an líon gnólachtaí faoi úinéireacht eachtrach atá gníomhach i dtaighde, forbairt agus nuálaíocht	Páirt á glacadh i dtaighde agus forbairt ag 120 cuideachta sa bhreis faoin mbliain 2019 (eachtarshuite go 145 cuideachta faoin mbliain 2020)	330	475	N/B
<b>4 Nascacht</b>				
An líon comhshaothar fiontair a mhéadú faoi thrian amháin	An líon comhshaothar idir Institiúidí Ardoideachais/Eagraíochtaí Taighde Phoiblí ( <i>tabhair faoi deara go mbíonn difríocht sa bhonn leis an méadracht de réir gníomhaireachta</i> )	839 (Fiontraíocht Éireann) 900 (Fondúireacht Eolaíochta Éireann)	1,200 1,125	2013
Caiteachas Eacnamaíoch Díreach a mhéadú faoi 25 faoin gcéad	Caiteachas Eacnamaíoch Díreach an tSuirbhé Eacnamaíoch Gnó ar Thionchar Eacnamaíoch (ábhair Éireannacha agus seirbhísí Éireannacha)	€28.8bn	€36bn	2013
Fiontair bheaga agus mheánmhéide nuálacha a bheith i mbun comhair le fiontair eile	Fiontair bheaga agus mheánmhéide nuálacha á bheith i mbun comhair mar chéatadán d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide	35%	45%	2015
<b>5 Forbairt tallainne agus scileanna</b>				
An infheistíocht in oiliúint agus i mbreis-oiliúint d'fhostaithe a dhúbailt	Caiteachas ar oiliúint in aghaidh an fhostaí	€543	€1,100	2013

Is úsáideach atá na táscairí seo a leanas ar tháirgiúlacht agus ar an bhfeidhmíocht onnmhairiúcháin maidir le faireachán a dhéanamh ar fheidhmíocht chomparáideach ar bhonn leanúnach.

Tábla 3 Príomhtháscairí feidhmíochta – Fiontraíocht 2025

Táscairí Faireacháin	Méadracht	Feidhmíocht Reatha	Acmhainn faoin mbliain 2020	Bonnlíne
<b>1 Táirgiúlacht</b>	Oll-bhreisluch in aghaidh an duine atá fostaithe le haghaidh earnálacha dúchasacha	€40,900 (80% de na leibhéil sa Ríocht Aontaithe agus sa Ghearmáin, 60% den leibhéal sa Danmhairg)	Coibhéiseach leis an Ríocht Aontaithe agus leis an nGearmáin	2011

2	<b>Táirgiúlacht</b>	Aschur in aghaidh na huaire oibre, an gheilleagar iomlán, an t-athrú céatadán ag ráta bliantúil <sup>3</sup>	2.5%	Fanacht sna 5 áit is fearr in AE	2008-2013
3	<b>Fás bunaithe ar onnmhairí</b>	Sciar den Déantúsaíocht Trádála Domhanda mar %	0.62%	Sa 36ú háit ar domhan	2014
4	<b>Fás bunaithe ar onnmhairí</b>	Sciar de na Seirbhísí Trádála Domhanda mar %	2.70%	San 11ú háit ar domhan	2014

Príomhchuspóir de chuid Fhiontraíocht 2025 is ea an tábhacht a bhaineann le lánfhostaíocht a bheith curtha ar bhonn inbhuanaithe. Leagtar amach i dTábla 4 táscairí leathana ar a bhfuil i gceist le cothromaíocht inbhuanaithe fostaíochta ar fud earnálacha ar earnálacha onnmhairiúcháin iad agus earnálacha nach earnálacha onnmhairiúcháin iad den gheilleagar, agus iad bunaithe ar ghnáthphatrún na feidhmíochta eacnamaíche le 15 bliana anuas<sup>4</sup>. Téann roinnt tosca i bhfeidhm ar dháileadh earnála na fostaíochta. Ba cheart, dá bhrí sin, breathnú ar na méadrachtaí atá léirithe anseo mar mhéadrachtaí táscaacha amháin. Mar sin féin, dhéanfaí anailís dhomhain ar ghluaiseacht ar bith lasmuigh de na raonta atá leagtha amach thíos.

**Tábla 4** Faireachán a dhéanamh ar fhás fostaíochta inbhuanaithe – Fiontraíocht 2025

	Táscairí Faireacháin	Méadracht	Méadracht inbhuanaitheachta
1	<b>Fostaíocht i ngníomhaíocht intíre</b>	An céatadán den fhórsa saothair atá fostaithe sna seacht n-earnáil a chuimsíonn an chomhpháirt 'inmheánach' den gheilleagar <sup>5</sup>	45% go 47%
2	<b>An bhearna idir an líon daoine atá fostaithe i ngníomhaíocht earnála intíre agus an líon daoine atá fostaithe i ngníomhaíocht earnála onnmhairiúcháin</b>	An difríocht idir an céatadán den fhórsa saothair atá fostaithe i ngníomhaíocht earnála intíre agus an céatadán atá fostaithe i ngníomhaíocht earnála onnmhairiúcháin <sup>6</sup> (difríocht i bpointí céatadán)	<22%

<sup>3</sup> Cuireann na hearnálacha ar bhealaí éagsúla le feidhmíocht táirgiúlachta an gheilleagair iomlán. Ba cheart anailís ag leibhéal earnála a bheith ag gabháil le faireachán ar fheidhmíocht an gheilleagair iomlán

<sup>4</sup> Féach Tuarascáil Chúlra Fhiontraíocht 2025 le haghaidh sonraí. Is féidir í a fháil ag <https://www.djei.ie/en/Publications>

<sup>5</sup> Lena n-áirítear seirbhísí foirgníochta, seirbhísí mórdhíola agus miondíola, seirbhísí iompair agus stórála, seirbhísí cóiríochta agus bia, seirbhísí gairmiúla, eolaíochta, teicniúla, riaracháin agus tacaíochta agus seirbhísí eile - an Suirbhé Náisiúnta Ráithiúil Teaghlaigh

<sup>6</sup> Chun críocha na hanailíse ar leith seo, meastar an líon daoine atá fostaithe i ngníomhaíocht earnála onnmhairiúcháin trí úsáid a bhaint as sonraí an tSuirbhé Náisiúnta Ráithiúil Teaghlaigh ón bPríomh-Oifig Staidrimh, mar atá cóid B-E NACE (an Tionsclaíocht) agus cóid J NACE (Faisnéis agus cumarsáid) go sonrach, agus as sonraí an tSuirbhé Bhliantúil Fostaíochta ón Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta (Seirbhísí a Thrádáiltear go hIdirnáisiúnta)

Tábla 5 Príomhspricanna Nuálaíochta – Nuálaíocht 2020

	Méadracht	Bonnlíne <sup>7</sup>	Spríoc 2020	Foinse Sonraí
1	GERD (Ollchaiteachas ar Thaighde agus Forbairt – idir chaiteachas poiblí agus chaiteachas príobháideach)	€2.9bn	2.5% d'OTN	An Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta
2	Cistiú príobháideach a mhéadú do thaighde agus forbairt a dhéantar san earnáil ardoideachais	€24m sa bhliain	€48m sa bhliain	An Suirbhé ar Thaighde agus ar Fhorbairt Ardoideachais (HERD)
3	Rolluithe i gcúrsaí máistreachta agus PhD taighde a mhéadú	1,750 (2015)	2,250	
4	Pearsanra Taighde <sup>8</sup> i bhFiontair	24,785 (2013)	40,000	Suirbhé BERD (an Phríomh-Oifig Staidrimh)
5	Méadú a dhéanamh ar an líon gnólachtaí <sup>9</sup> : a. Atá gníomhach i nuálaíocht b. A dhéanann méid suntasach taighde agus forbartha c. A dhéanann méid ollmhór taighde agus forbartha	a. 58% b. 1,040 c. 170	a. 73% b. 1,200 c. 200	An suirbhé <i>Nuálaíocht i bhFiontair Éireannacha</i> (an Phríomh-Oifig Staidrimh)
6	Spricanna Tráchtálaithe a. Teicneolaíochtaí atá ábhartha ó thaobh na tráchtála de (Ceadúnais, Roghanna, Tascanna) b. Mac-chuideachtaí c. Gnólachtaí Nuathionscanta Ardacmhainne (HPSUnna) ó Mhac-chuideachtaí d. Tionscadail chomhoibríocha taighde idir fiontair agus an PRS <sup>10</sup>	a. 124 b. 29 c. 11 d. 878	a. 175 b. 40 c. 16 d. 920	Fiontraíocht Éireann/Aistriú Eolais Éireann
7	Fís 2020 a tharraingt anuas	€620m faoi FP7	€1.25bn	An Coimisiún Eorpach
8	Scórchlár Nuálaíochta an Aontais: an fheidhmíocht i gcomórtas le meán AE	+13% (2015)	+20%	An Coimisiún Eorpach
9	An t-eolas atá ag an bpobal, dar leis, ar thaighde agus forbairt i réimse STEM	49% (2015)	60%	Suirbhé baraiméadair (Fondúireacht Eolaíochta Éireann, débhlantúil)



<sup>7</sup> Is í an bhliain 2014 an bhliain bhonnlíne mura luaitear a mhalairt.

<sup>8</sup> Áirítear leis taighdeoirí, teicneoirí agus baill foirne tacaíochta.

<sup>9</sup> Baintear úsáid as sainmhínte de chuid na Príomh-Oifige Staidrimh.

<sup>10</sup> An Córas Taighde Phoiblí.

## Aguisín 4 – Oifigí agus Gníomhaireach taí na Roinne Post, Fiontar agus Nuálaíochta





Is ionann na híomhánna ar chlúdach an doiciméid seo agus líníochtaí le Gabriel Hayes, ar coimisiúnaíodh í sa bhliain 1941 chun raon saothar cloiche snoite a dhearadh agus a chríochnú d'aghaidh fhoirgneamh na Roinne Tionscail agus Tráchtála ar Shráid Chill Dara.

## An Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta

23 Sráid Chill Dara  
Baile Átha Cliath 2  
D02 TD30

Teil: +353 1 631 2121  
Íosghlao: 1890 220 222

R-phost: [info@djei.ie](mailto:info@djei.ie)  
[www.djei.ie](http://www.djei.ie)



An Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta  
Department of Jobs, Enterprise and Innovation